

# EMF

*An tEolas atá agam faoin ábhar, an t-eolas is Mian liom faoin ábhar, an t-eolas nua atá Foghlamtha agam*



Tá roinnt cuspóirí leis an straitéis seo: músclaíonn sé réamheolas ar an téacs, leagann sé síos cuspóir leis an léitheoireacht agus cabhraíonn sé le scoláirí monatóireacht a dhéanamh ar a gcuid tuisceana

Má bhíonn a fhios ag an múinteoir cé na suimeanna agus cén réamheolas atá ag scoláirí, tá sé ar a chumas tionscadail agus tascanna dúshlánacha a chruthú a mbeidh dúil ag scoláirí iontu. Is uirlis é an chairt EMF ar féidir léi eolas a chur faoin teagasc chomh maith le foghlaim scoláirí a threorú.

- Roghnaigh topaic/téacs.
- Iarr ar na scoláirí smaointe a ransú ar fhocail, téamaí nó frásaí atá ar eolas acu agus a nascann siad leis an topaic. Taifeadann na scoláirí iad sin ar cholún E ar an gcairt EMF.
- Ansin, fiafraigh de na scoláirí cén rud is mian leo a fhoghlaim faoin topaic. Taifeadtar é sin sa cholún M. Más ráitis a thugann na scoláirí mar fhreagraí, athraigh iad ina gceisteanna roimh iad a bhreacadh síos i gcolún M.
- Le linn dóibh an topaic/téacs a phlé, faigheann na scoláirí freagraí ar na ceisteanna i gcolún M. Is féidir le scoláirí na colúin F a chomhlánú le linn nó i ndiaidh dóibh an tasc/topaic a dhéanamh.
- Ar deireadh, pléigh an t-eolas atá breactha síos ag na scoláirí i gcolún F.


## Leideanna

- Tar agus tú ullmhaithe le do chuid ceisteanna féin le cur leis an gcolún M. Seans gur mhaith leat scoláirí a dhíriú ar smaointe nach mbeidh ceisteanna na scoláirí a dírithe orthu.
- Spreag na scoláirí chun a gcuid focal/nasc a mhíniú go speisialta iad siúd atá doiléir agus fiafraigh díobh 'Céard a thug ort smaointeamh air sin?'
- Le cois freagraí a thabhairt ar na ceisteanna i gcolún M, spreag na scoláirí chun scríobh faoi rud ar bith a shíl siad a bheith an-suimiúil i gcolún F, ag baint úsáid as réalta chun idirdhealú eatarthu sin agus na rudaí a d'fhoghlaim siad.
- Is iomaí cairt EMF ar líne, is sampla amháin é KWL Creator den EMF is féidir le scoláirí a chomhlánú ar líne..



### Tuilleadh Eolais

Tá tuilleadh eolais agus tacaíochta ar fáil chun an straitéis seo a chur i bhfeidhm ag [www.jct.ie](http://www.jct.ie)



## Príomhscileanna

- ▶ Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú
- ▶ Mé féin a bhainistiú
- ▶ A bheith liteartha

## Acmhainní

Teimpléad EMF (Is féidir seo a chóipeáil do gach scoláire nó thig le scoláirí é a tharraingt ina gcuid cóipleabhar)

## Leagan amach an tseomra

Ní gá leagan amach ar leith a bheith ann

## Measúnú

Is bealach úsáideach é an chairt EMF chun do chuid teagaisc a mheas go neamhfhoirmiúil. Iarr ar na scoláirí na rannóga **Eolas** agus **Mian** a chomhlánú roimh an gceacht agus an rannóg **Foghlamtha** a chomhlánú i ndiaidh an cheachta. Ar éirigh leis na scoláirí na spriocanna foghlama a bhaint amach sa cheacht?

## Tacú le hobair bhaile

Is féidir colún E a thabhairt mar cheacht obair baile agus súil siar a chaitheamh air ag tús an chéad cheachta eile.